

Tíreolaíocht

Treoir don Dalta GCE

‘Is é bun agus barr cuid mhór de shaincheistean na domhain - ar scála domhanda agus áitiúil - ná an tíreolaíocht agus an gá atá le tíreolaithe amach anseo le cuidiú linn iad a thuiscint. Téamh domhanda agus é ag dul i bhfeidhm ar thíortha agus ar réigiúin, slándáil bia agus fuinnimh, díghrádú na tíre agus na n-ithreacha le ró-úsáid agus mí-úsáid, leathnú galar, cúiseanna agus iarmhairtí na himirce, agus tionchair an athraithe eacnamaíoch ar áiteanna agus ar phobail.’

Michael Palin



Cad chuige a ndéanfa staidéar ar an Tíreolaíocht?


An domhan seo againne, bíonn sé ag síorathrú; bogann daoine thart ar chúiseanna éagsúla, athraíonn tíortha go heacnamaíoch agus go polaitiúil, tarlaíonn cogai, bíonn tubaistí nádúrtha ann go minic agus ceaptar ar cheamara iad, ceannaítear earraí agus díoltar iad ar fud an domhain agus bíonn muid ag taisteal i bhfad níos mó ná riamh roimhe. Mar gheall ar fhás na meán digiteach, bíonn muid níos feasaí ar na rudaí atá ag tarlú sa tsaol thart timpeall orainn. Feiceann muid saincheistean na n-imirceach san Eoraip, cluineann muid faoi bhagairtí ó sceimhlitheoirí ar fud an domhain agus feiceann muid an léirscrios a imríonn creathanna talún ar shaol na ndaoine.

Trí staidéar a dhéanamh ar an tíreolaíocht beidh tú in ann:

- spéis bhuan a fhorbairt sa tsaol thart timpeall ort;
- tuiscint a fhorbairt ar an idirghníomhú idir daoine agus an timpeallacht;
- saincheistean a théann i bhfeidhm ort mar shaoránach domhanda a thuiscint agus ionbhá a bheith agat leo;
- do chuid eolais agus tuisceana a chur i bhfeidhm ar chásanna san fhíorshaol;
- réimse de scileanna inaistrithe a fhorbairt a bheidh luachmhar i saol na hoibre, ar a n-áirítear bheith ag obair mar chuid d’fhoireann, fadhbréiteach, cinnteoireacht, smaointeoireacht chruthaitheach agus faisnéis a bhainistiú;
- sonraí tíreolaíochta a bhailiú ar an láthair agus teorric thíreolaíoch a thástáil; agus
- scileanna TFC a fhorbairt trí theicneolaíochtaí nua ar a n-áirítear Córais Faisnéise Geografaí (GIS).

Tíreolaíocht

Treoir don Dalta GCE




Cad é air a ndéanfaidh mé staidéar?

Aonad	Réimsí Staidéir
AS 1: Tíreolaíocht Fhisiceach	<p>San aonad seo, déanfaidh tú staidéar ar thrí thopaic leathana;</p> <ul style="list-style-type: none"> Aibhneacha: próisis, tírghnéithe, bainistíocht agus tuilte; Éiceachórais: suíomh, tréithe, feidhm agus comharbas; agus Aimsir agus Aeráid: próisis a chruthaíonn an aimsir againn, córais aimsire sa Bhreatain agus in Éirinn chomh maith le saincheisteanna domhanda aimsire lena n-áirítear Ascalú Deisceartach El Niño agus stoirmeacha trópaiceacha. <p>Cuirfidh cás-staidéir ábhartha ar réimse scálaí ó mhionscála go domhanda leis an eolas agus an tuiscint atá agat ar na topaicí seo.</p>
AS 2: Tíreolaíocht Dhaonna	<p>San aonad seo, déanfaidh tú staidéar ar thrí thopaic leathana;</p> <ul style="list-style-type: none"> Daonra: sonraí daonra, athrú daonra trí thorthúlacht agus bhásmhaireacht, samhltáin agus polasaithe daonra; Lonnaíocht: saincheisteanna ar an imeall tuaithe-uirbeach, an gá le pleánáil agus saincheisteanna sa chathair istigh; agus Forbairt: forbairt a thomhas, cuspóirí forbartha, cabhair, domhandú agus margáí i mbéal forbartha. <p>Cuirfidh cás-staidéir ábhartha ar réimse scálaí ó mhionscála go domhanda leis an eolas agus an tuiscint atá agat ar na topaicí seo.</p>
AS 3: Scileanna Obair Allamuigh agus Teicnící sa Tíreolaíocht	<p>San aonad seo beidh tú:</p> <ul style="list-style-type: none"> páirteach go gníomhach i mbailiú sonraí tíreolaíochta ar an láthair trí obair allamuigh; ag úsáid teicnící staitistiúla agus grafacha le sonraí a bailíodh ó obair allamuigh a anailísiú; i mbun cur síos, anailís, léirmhíniú agus luacháil a dhéanamh ar fhianaise, agus tátail a bhaint; agus i mbun scileanna tíreolaíochta a chur i bhfeidhm, ar a n-áirítear graif a dhéanamh, léarscáileanna a dhéanamh agus tástáil staitistiúil a dhéanamh ar ábhair nach bhfacthas roimh ré.
A2 1: Próisis Fhisiceacha, Tírghnéithe agus Bainistíocht	<p>San aonad seo déanfaidh tú staidéar ar dhá cheann de cheithre rogha:</p> <ul style="list-style-type: none"> Rogha A: Teicteonaic Phlátaí: Teoiric agus Torthaí Rogha B: Éiceachórais Thrópaiceacha: Nádúr agus Inbhuanaitheacht Rogha C: Timpeallachtaí Dinimiciúla Cósta Rogha D: Athrú Aeráide: Anois agus an tAm atá Thart <p>Cuirfidh cás-staidéir ábhartha ar réimse scálaí ó mhionscála go domhanda leis an eolas agus an tuiscint atá agat ar na roghanna a roghnaigh tú.</p>
A2 2: Próisis agus Saincheisteanna i dTíreolaíocht Dhaonna	<p>San aonad seo déanfaidh tú staidéar ar dhá cheann de cheithre rogha:</p> <ul style="list-style-type: none"> Rogha A: Tíreolaíocht Chultúrtha Rogha B: Pleanáil faoi choinne Lonnaíochtaí Inbhuanaithe Rogha C: Éagsúlacht Eitneach Rogha D: Turasóireacht <p>Cuirfidh cás-staidéir ábhartha ar réimse scálaí ó mhionscála go domhanda leis an eolas agus an tuiscint atá agat ar na roghanna a roghnaigh tú.</p>
A2 3: Cinnteoireacht sa Tíreolaíocht	<p>Is i bhfoirm cás-staidéir suite i gcomhthéacs fíorshaoil a bheidh an t-aonad seo. Tabharfar réimse leathan áiseanna duit, ar a n-áirítear tuairiscí, grafaicí faisnéise, grianghraif agus léarscáileanna.</p> <p>Úsáidfidh tú na scileanna agus teicnící a forbraíodh tríd an chúrsa le machnamh a dhéanamh ar an tsaincheist, cinneadh a dhéanamh agus é a chosaint ar bhonn na dtairbhí foriomlána níos mó.</p>

Tíreolaíocht

Treoir don Dalta GCE




Cad é mar a dhéanfar measúnú orm?

Ní dhéanfar measúnú ar gach scrúdú ach i sraith an tsamhraidh amháin.

Aonad	Cur Síos ar an Mheasúnú	Ualú
AS 1: Tíreolaíocht Fhísiceach	1 uair 15 nóiméad Roinn A: Freagair gach ceann de na trí cheist éigeantacha, ghairide, struchtúrtha, ceann ar gach téama. Roinn B: Tá trí cheist a bhfuil scríbhneoireacht shínte de dhíth orthu, ceann amháin ar gach téama. Freagróidh tú dhá cheist ar bith.	40% de AS 16% den A-leibhéal
AS 2: Tíreolaíocht Dhaonna	1 uair 15 nóiméad Roinn A: Freagair gach ceann de na trí cheist éigeantacha, ghairide, struchtúrtha, ceann ar gach téama. Roinn B: Tá trí cheist a bhfuil scríbhneoireacht shínte de dhíth orthu, ceann amháin ar gach téama. Freagróidh tú dhá cheist ar bith.	40% de AS 16% den A-leibhéal
AS 3: Scileanna Obair Allamuigh agus Teicnící sa Tíreolaíocht	1 uair an chloig Tabharfaidh tú tábla sonraí agus ráiteas achoimre chuig an scrúdú a chlúdaíonn aidhmeanna agus comhthéacs don obair allamuigh agat. Tá dhá cheist éigeantacha, struchtúrtha ann. Do Cheist 1, b'fhéidir go mbeadh ort do shonraí obair allamuigh agus na teicnící ar baineadh úsáid astu lena mbailiú a chur i láthair, a anailísiú, a léirmhíniú agus a luacháil. Do Cheist 2, cuirfidh tú do scileanna tíreolaíochta i bhfeidhm ar na sonraí cáilíochtúla agus cainníochtúla atá curtha ar fáil duit sa scrúdú.	20% de AS 8% den A-leibhéal
A2 1: Próisis Fhísiceacha, Tírghnéithe agus Bainistíocht	1 uair 30 nóiméad Tá ceithre roinn sa pháipéar seo. Freagraíonn gach roinn do cheann amháin de na ceithre rogha agus tá dhá cheist struchtúrtha i gceist leis. Freagróidh tú dhá cheist iomlána, ceann amháin ó gach ceann den dá rogha a roghnaigh tú.	24% den A-leibhéal
A2 2: Próisis agus Saincheisteanna sa Tíreolaíocht Dhaonna	1 uair 30 nóiméad Tá ceithre roinn sa pháipéar seo. Freagraíonn gach roinn do cheann amháin de na ceithre rogha agus tá dhá cheist struchtúrtha i gceist leis. Freagróidh tú dhá cheist iomlána, ceann amháin ó gach ceann den dá rogha a roghnaigh tú.	24% den A-leibhéal
A2 3: Cinnteoireacht sa Tíreolaíocht	1 uair 30 nóiméad Tá cleachtadh cinnteoireachta éigeantach ann i bhfoirm cás-staidéir. Beidh ort ról ar leith a ghlacadh agus a choinneáil. Beidh ort scrúdú a dhéanamh ar luachanna contrártha a d'fhéadfaí a bheith follasach sa chás-staidéar. Beidh ort roghanna malartacha a chur san áireamh agus moltaí a dhéanamh agus iad a chosaint.	12% den A-leibhéal

Tíreolaíocht

Treoir don Dalta GCE



Cad é a thig liom a dhéanamh le cáilíocht sa Tíreolaíocht?

Trí staidéar a dhéanamh ar an tíreolaíocht, beidh tuiscint níos fearr agat ar dhaoine agus ar áiteanna, ar chórais aimsire, ar an turasóireacht, ar an fhorbairt inbhuanaithe, ar chultúir agus ar shaincheistanna atá ag dul i bhfeidhm ar dhaoine agus ar áiteanna ar fud an domhain.

Cuirfidh an cúrsa seo ar do chumas réimse leathan scileanna inaistrithe agus fostaíochta a fhorbairt, amhail imscrúdú a dhéanamh, sonraí a bhailiú agus a thaifeadadh le cruinneas, faisnéis a chur le chéile agus a luacháil agus bheith ábalta páirt a ghlacadh i ndíospóireachtaí tábhachtacha ar na saincheistanna domhanda reatha.

B'fhéidir gur mhaith leat staidéar a dhéanamh ar an tíreolaíocht mar gheall ar an spéis phearsanta atá agat ann, ach más mian leat leanúint le staidéar ar an tíreolaíocht ag leibhéal ollscoile, beidh ort an cúrsa iomlán A-leibhéil a chomhlánú.

Tríd an staidéar a dhéanfaidh tú ar an tíreolaíocht ag A-leibhéal forbróidh tú réimse scileanna inaistrithe atá ag dul a bheith luachmhar i saol na hoibre, ar a n-áirítear bheith ag obair mar chuid d'fhoireann, fadhbréiteach, cinnteoireacht, smaointeoireacht chruthaitheach agus faisnéis a bhainistiú.

Cuid mhór de na topaicí nó na saincheistanna a ndéanfaidh tú staidéar orthu, beidh siad á dtuairisciú sna meáin, mar shampla, cúiseanna imní timpeallachta amhail tuilte, creathanna talún agus téamh domhanda, chomh maith le saincheistanna daonna amhail imirce, coimhlint, sceimhlitheoireacht agus cogaiocht. De thoradh an dlúthnaisc seo idir staidéar a dhéanamh ar an tíreolaíocht agus saincheistanna domhanda, d'fhéadfaí gairmeacha a fháil in obair chabhrach, bainistíocht timpeallachta nó i ngairmeacha rialtais.

Téann a lán daltaí a dhéanann staidéar ar an tíreolaíocht ar aghaidh agus bíonn gairmeacha rathúla, spéisiúla acu ina lán réimsí ilchineálacha amhail pleanáil uirbeach, cartagrafaíocht, feidhmchláir GIS, cliómeolaíocht, bainistíocht timpeallachta, réamhaisnéis na haimsire, taighde, teagasc agus déimeagrafaíocht. Úsáideann daoine eile scileanna a fuarthas trí staidéar ar an tíreolaíocht le dul le gairmeacha a bhfuil scileanna den chineál chéanna i gceist leo, mar shampla, poist a bhaineann le GIS, earnáil a bhfuil fás ag teacht uirthi.

Le tuilleadh eolais a fháil, tabhair cuairt ar **Shuíomh Gréasáin CCEA** leis an tacaíocht agus na nuashonrúcháin is úrnua a fháil don ábhar seo.



© CCEA 2016



www.ccea.org.uk